

COMHAR

LEABHAIRCOMHAR | COMHARÓG | COMHARTAIGHDE

PORTRAIDÍ NA SCRÍBHNEOIRÍ GAEILGE

47 SRÁID HARRINGTON, BAILE ÁTHA CLIATH 8

Guthán: +353 - 1 - 6751922

Ríomhphost: oifig@comhar.ie; leabhaircomhar@comhar.ie; portraidí@comhar.ie
Idirlín: www.comhar.ie; www.comhar.ie/leabhair; www.portraidí.ie

Cathaoirleach: Cathal Goan

Feidhmeannach Riaracháin agus Gnó: Elly Shaw

Feidhmeannach Foilsitheoireachta Leabhar: Caitríona Ní Dhúnáin

Stiúrthóirí: Cormac Breathnach, An Dr Liam Mac Amhlaigh, Órla Ní Chuilleanáin, An Dr Katie Ní Loingsigh.

Muireann Ní Mhóráin, Paula Ní Shlatarra, Uaitéar Ó Ciaruáin, Fiachra Ó Marcaigh

COMHARTAIGHDE

www.comhartaighde.ie; comhartaighde@comhar.ie

Eagarthóirí: An tOllamh Máirín Nic Eoin, An Dr Liam Mac Amhlaigh, An Dr Máirín Coilféir

Comhairleoir teicniúil: Ronan Doherty

PREASRÁITEAS: 19 DEIREADH FÓMHAIR 2017

Is mór le COMHAR a fhógairt go bhfuil an tríú heagrán den iris phiarmheasta acadúil, COMHARTaighde, á fhoilsiú inniu. Cuirfidh Bob Collins, Uas., Iar-Ardstiúrthóir RTÉ, an iris i láthair an phobail i ndiaidh Léacht Uí Chadhain ar a 7:00pm i Léachtlan R, Áras Newman sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Tréimhseachán bliantúil is ea COMHARTaighde a chuireann saothar scolártha ardchaighdeáin ar fáil do phobal na Gaeilge ar fud an domhain i réimsí éagsúla de léann na Nua-Ghaeilge. D'fhonn freastal ar an bpobal is leithne, tá an iris á foilsiú ar bhonn saor-rochtana trí mheán an idirlín. Fóram piarmheasta atá á sholáthar aici do thaighdeoirí agus tá an togra ag eascairt as traidisiún fada na hirise míosúla *Comhar* mar láthair smaointeoireachta agus as bunfhealsúnacht na hirise agus na heagraíochta maidir le scaipeadh thorthaí an léinn ar an bpobal is leithne. D'fhonn na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a bhaint amach, tá an tionscadal á chur i gcrích i gcomhpháirt le foireann scoláirí as institiúidí éagsúla léinn in Éirinn agus thar lear. Sa tríú heagrán, tá sraith alt taighde agus léirmheasanna ar leabhair nuafhoilsithe acadúla. I measc na scríbhneoirí san eagrán seo tá: Cathal Billings, Eibhlín Mhic Aoidh, Aisling Ní Churraighín,

Tracey Ní Mhaonaigh, Pádraig Ó Siadhail, agus Cairtriona Ó Torna. Ar na hábhair a dtugtar aghaidh orthu, tá: an stair chultúrtha agus Cumann Lúthchleas Gael, measúnú sa chóras Gaeloideachais, an fhoilsitheoireacht agus an fhoclóireacht san aois seo caite, bailiú gairmiúil an bhéaloidis mar thuigtear in *An Béal Bocht* é, Pádraig Ó Broin agus staidéar litríocht agus iriseoireacht na Gaeilge i gCeanada, agus an Ghaeilge i gcampa géibhinn Frongoch. Tá léirmheasanna ó Eoin Mac Cárthaigh, Caoimhín Mac Giolla Léith, Ian Ó Caoimh, Breandán Ó Cróinín, Cathal Ó Háinle, Fidelma Ní Ghallchobhair agus Éadaoin Ní Mhuircheartaigh chomh maith, a chuimsíonn réimse ábhar ón bhfilíocht chomhaimseartha chuig taibhealaíona na Gaeilge agus critic ar an staidéar ar Ghaeilge na hAlban.

Tá COMHARTaighde anois ag glacadh le hailt scolártha don cheathrú heagrán (a fhoilseofar i Meán Fómhair 2018). Más mian leat tuilleadh eolais faoin iris nó treoirínite scríbhneoireachta a fháil, féach ar an suíomh idirlín ag www.comhartaighde.ie nó seol ríomhphost chuig comhartaighde@comhair.ie. Is é an spriocdháta d'ailt don cheathrú heagrán ná **1 Feabhra 2018**.

Nótaí ar an réiteach teicniúil: Tá sé mar aidhm ag COMHARTaighde leas fóinteach a bhaint as an nuatheicneolaíocht chun taighde i léann na Nua-Ghaeilge a chur i láthair an phobail. Is féidir gach alt a fhoilsítear sa ríomhíris (i) a léamh ar líne, mar leathanach gréasáin; nó (ii) a íoslódáil i bhformáid PDF. Is féidir ailt ar an suíomh gréasáin a léamh ar chineálacha éagsúla gléasanna, idir ríomhairí deisce agus ghléasanna móibíleacha, agus is féidir leas a bhaint as saoráidí éagsúla cuardaigh agus brabhsála. Táthar in ann gluaiseacht go réidh idir na tagairtí i gcorp gach ailt agus an leabharliosta ach cliceáil ar an tagairt féin. Déantar tagairtí do logainmneacha Éireannacha a nascadh le hiontrálacha i [mBunachar Logainmneacha na hÉireann \(logainm.ie\)](http://mBunachar Logainmneacha na hÉireann (logainm.ie)). Déantar tagairtí do dhuine ar bith a bhfuil iontráil aige sa [Bhunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge \(ainm.ie\)](http://Bhunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge (ainm.ie)) a nascadh leis an suíomh sin chomh maith. Is féidir gach alt a íoslódáil i bhformáid PDF freisin. Bíonn sé seo áisiúil i gcás gur mian le duine alt a phriontáil agus a léamh nó i gcás nuair nach bhfuil ceangal idirlín ar fáil. Tá COMHARTaighde liostaithe anois sa Directory of Open Access Journals, an t-eolaire is údarasaí de thréimhseacháin phiarmheasta acadúla ar fud an domhain. Is é COMHARTaighde an chéad fhoilseachán Gaeilge a bhain áit sa DOAJ amach agus is mór an teist ar pholasaí piarmheastóireachta agus ar pholasaí saor-rochtana na hirise é. Tá na hailt ar fad a foilsíodh ar an gcéad dá eagrán le feiceáil anois san eolaire agus fáil ag leabharlanna agus ag bunachair acadúla eile air. Is féidir tuilleadh a léamh faoin DOAJ ag <https://doaj.org/about>.

Cúlra

Príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge é COMHAR Teo., a fhoilsíonn iris mhíosúil na Gaeilge, *Comhar*, iris do léitheoirí iar-bhunscoile, COMHARÓg, cartlann dhigiteach phortráidí de bheoscríbhneoirí na Gaeilge, www.portraidi.ie, agus leabhair éagsúla faoin inphrionta *LeabhairCOMHAR*, agus tograí eile foilsitheoireachta idir lámha i saol na Gaeilge. Tá COMHAR buíoch de Fhoras na Gaeilge, de Chlár na Leabhar Gaeilge, den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus den Chomhairle Ealaíon as a dtacaíocht leanúnach do na tograí seo. Is le cabhair deontais i gcomhair tograí Gaeilge a d'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas trí Choláiste na hOllscoile, Corcaigh a fhoilsítear an ríomhíris seo.



Tuilleadh eolais: Elly Shaw, COMHAR Teo: (01) 675 1922, гно@comhar.ie